Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Roberta Metsola
Óráid ag Cruinniú Neamhfhoirmiúil na gCeann Stáit agus Rialtais
An Niocóis (an Chipir), 24 Aibreán 2026

Go raibh maith agat, a Uachtaráin Costa, agus go raibh maith agat, a Uachtaráin Christodoulides, as an bplé seo a óstáil agus as bhur gceannaireacht le linn na tréimhse dúshlánaí seo.

Dia daoibh go léir ar maidin.

Tá trí phointe le cur in iúl agam inniu. An chéad cheann ná ár bhfreagairt ar thionchar eacnamaíoch na géarchéime sa Mheánoirthear. An dara ceann ná measúnú na Parlaiminte ar an Treochlár 'Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin', agus an tríú ceann ná an Creat Airgeadais Ilbhliantúil.

Ach sula dtosaím, ba mhaith liom a rá gur díol sásaimh dom glacadh an fichiú pacáiste smachtbhannaí agus scaoileadh na hiasachta 90 billiún Euro don Úcráin dá vótáil an Pharlaimint agus a shínigh sí ina ndlí dhá mhí ó shin. Tuigim go bhfuil ár n-aird ar an Meánoirthear, ach i ndomhain atá ag éirí níos éagobhsaí, is de réir ár gcumais chun gníomhú ar ghéarchéim amháin gan ár gcúl a thabhairt le ceann eile a mheastar an cheannaireacht. Tá sé sin á léiriú againn.

Tagaim chuig an gcéad phointe dá bhrí sin: praghsanna fuinnimh agus an Meánoirthear.

Seacht lá dhéag tar éis don sos cogaidh tosú, leanann sé de bheith íogair - is léir sin dúinn go léir - ach cruthaítear leis na coinníollacha chun plé a dhéanamh, agus ní mór dó seasamh. Bhuail mé le Comhairle Comhair na Murascaille, lena n-áirítear a hArdrúnaí, chun tacaíocht Pharlaimint na hEorpa a thairiscint, agus tá a fhios agam go mbeidh sibh ag bualadh leis agus le comhpháirtithe réigiúnacha inniu. A Nikos, is í an Chipir teach solais na hEorpa sa réigiún agus is léir gur droichead ríthábhachtach í Uachtaránacht na Cipire leis an Meánoirthear.

Tá an rud céanna uainn go léir: deireadh tapa agus marthanach leis an gcogadh - ceann lena n-áirithítear cearta, dínit agus saoirse do mhuintir na hIaráine, lena dtabharfar aghaidh ar ábhair imní faoi chlár núicléach agus clár diúracán balaistíoch na hIaráine agus faoina tacaíocht do sheachghníomhaithe, agus ceann lena gcuirtear deireadh leis na bacainní i gCaolas Hormuz. Fós féin, feiceann muid réimeas na hIaráine ag tabhairt faoi bhásuithe treallacha agus ag coinneáil easaontóirí, lena n-áirítear Narges Mohammadi, ar buaiteoir de Dhuais Nobel í, ar gearradh téarma seacht mbliana go leith uirthi arís i mí Feabhra. Is tábhachtach go bhfeiceann na daoine sin go léir agus a dteaghlaigh nach bhfuil dearmad déanta ag an Eoraip orthu.

Ní mór saoirse loingseoireachta a athbhunú, agus is cúis áthais dom go bhfuil grúpa comhpháirtithe, atá ag fás, ag obair le chéile air sin agus ag léiriú go bhfuil an cumas ag an Eoraip dul i ngleic le géarchéim nár iarr muid ach nach mór dúinn aghaidh a thabhairt uirthi – agus arís, feiceann muid a thábhachtaí atá sé dúinn straitéis shoiléir a bheith againn d'Airteagal 42.7 mar chuid de bhosca uirlisí na hEorpa don chosaint agus don tslándáil.

Maidir leis na praghsanna fuinnimh, tá na tograí ón gCoimisiún feicthe agam, agus aontaím go bhfuil faoiseamh sealadach spriocdhírithe de dhíth orainn. Go tapa. Ar a shon sin, agus muid ag gníomhú don lá atá inniu ann, ní féidir linn ár gcúl a thabhairt leis an méid atá ag tairbhiú dúinn don lá amárach. Níor chóir dúinn deisiú a dhéanamh ar rud nach bhfuil briste.

Leis na rialacha maidir le stóráil gáis a tugadh isteach ceithre bliana ó shin, cobhsaíodh na margaí, neartaíodh muinín agus feabhsaíodh comhar idir na Ballstáit. Tá torthaí á dtabhairt ag ár n-iarrachtaí chun ár meascán fuinnimh a éagsúlú agus ár spleáchas a laghdú. Is iad na tíortha is mó a bhfuil ag éirí leo ná na tíortha sin ag a bhfuil níos mó foinsí fuinnimh inathnuaite, acmhainneacht núicléach níos láidre agus spleáchas níos lú ar ghás.

Ní trí thimpiste a tharla sé sin. Tharla sé toisc go ndearna muid cinntí tomhaiste muid féin a dhéanamh níos athléimní, níos neamhspleáiche, agus níos cosanta ar shuaití. Tá ag éirí lenár straitéis fhadtéarmach. Caithfimid fanacht ar an mbóthar ceart.

Ciallaíonn sé sin gur gá níos mó infheistíochtaí a dhéanamh sa bhonneagar chun go mbeidh rath air. Tá dul chun cinn á dhéanamh cheana ag an bParlaimint ar an bPacáiste um Eangaí, lena ndéanfar ár líonraí a nuachóiriú chun tacú le fuinnimh níos glaine agus níos díláraithe, agus táim ag dréim leis go mbeidh sé curtha i gcrích againn sa dara leath den bhliain. Tá tábhacht leis an dóigh a bhfaightear na tograí sin chun go bhfeidhmeodh an próiseas reachtach go réidh.

Ciallaíonn sé freisin gur gá intinn oscailte a bheith againn faoin dóigh a ngineann muid ár leictreachas. Is céim sa treo sin í straitéis an Choimisiúin maidir le hImoibreoirí Modúlacha Beaga agus Ard-Imoibreoirí Modúlacha. Is rud í sin a raibh Parlaimint na hEorpa á lorg, agus tá muid réidh chun bogadh go tapa chun í a bhaint amach.

Pointe uimhir a dó: an Treochlár ‘Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin’.

In Alden Biesen i mí Feabhra, chomhaontaigh muid go ndéanfadh muid cinntí agus go socródh muid amlínte ag an gComhairle Eorpach i mí an Mhárta. Is é an t-am anois é na gealltanais a chur i ngníomh.

Táim buíoch don Choimisiún agus don Chomhairle as a gcomhar chun an treochlár seo á thabhairt go ceann scríbe. Faoi na dálaí a bhí ann, ceapaim gur oibrigh ár bhfoirne go maith agus go tapa. D’fhéadfadh an próiseas a bheith níos fearr - agus níos faide. Ba mhaith le roinnt Grúpaí Polaitiúla freisin go mbeadh níos mó béime ar an infheistíocht, ar an tithíocht, ar an digitiú, ar an ngné shóisialta, agus ar an ngá aghaidh a thabhairt ar bhacainní náisiúnta agus ar rórialáil.

Ina dhiaidh sin féin, tá sé uaillmhianach, neartaíonn sé ár n-acmhainneacht suaití a sheasamh, agus baineann sé amach an méid a bhí leagtha amach againn sa Dearbhú Comhpháirteach. Seo í an Eoraip ag freastal ar a bhfuil de dhíth uirthi.

Maidir leis na comhaid tosaíochta sa treochlár, déanfaidh Parlaimint na hEorpa a cuid oibre. Agus déanfaidh muid go maith í. Mar sin féin tá an spás - agus an iontaoibh - de dhíth orainn freisin chun ár gcúram maidir leis an bhformhaoirseacht agus an dlisteanacht dhaonlathach a dhéanamh mar is cuí. Ní stampa rubair iad 720 Feisirí ó níos mó ná 200 páirtí polaitiúil, agus ní bheidh go deo.

Anois tá dátaí sprice againn do na comhaid tosaíochta agus tá gealltanas polaitiúil againn go ndéanfaidh muid a mhéid is féidir chun iad a bhaint amach, agus lánurraim á tabhairt don phróiseas reachtach, rud atá ríthábhachtach, agus tá roinnt comhad ann nár moladh go fóill. Is é an rabhadh atá anseo, mar sin, nach nglacfaidh Parlaimint na hEorpa le brú mura dtagann na

tograí isteach in am trátha agus mura bhfuil siad dréachtaithe go maith. Is maith an rud í an uaillmhian, ach is maith an rud í an réadúlacht fosta. Tá sé sin tuillte ag ár saoránaigh.

Tá sé seo ráite agam roimhe seo: féachann an chuid is mó de dhaoine ar an Eoraip mar chóras amháin, agus déanann siad breithiúnas uirthi de réir rud amháin - an méid a bhaineann sí amach. Ní mór dúinn a bheith ag obair as lámha a chéile.

Tá baint aige sin le mo phointe deireanach: an Creat Airgeadais Ilbhliantúil.

An tseachtain seo caite, d'fhormhuinigh comhaltaí an choiste um Buiséid de chuid na Parlaiminte ár seasamh caibidlíochta maidir leis an gcéad bhuiséad fadtéarmach eile le tromlach láidir. An tseachtain seo chugainn, déanfar vótáil sa suí iomlánach. Leis sin, beidh muid in ann dul i mbun caibidlíochta leis an gComhairle, a luaithe a ghlacfaidh sí a sainordú. Mar sin, i mí Aibreáin, beidh ár seasamh againn, beidh a bhfuil uainn ar eolas againn, agus beidh muid réidh.

Déanfaidh mé soiléiriú ar dhá rud sula leanfaidh muid ar aghaidh, áfach. Ar an gcéad dul síos, níl struchtúr foriomlán an bhuiséid nua á cheistiú sa tuarascáil ónár gcoiste. Tacaíonn muid le haird níos láidre ar an iomaíochas agus ar an gcosaint. Níl uainn ach a iarraidh oraibh fanacht oscailte don smaoineamh maidir le hAcmhainní Dílse nua. Agus ar an dara dul síos, ní féidir a bheith ag dréim leis go n-íocfaidh an ghlúin nua as seanfhiachas. Maidir le NextGenerationEU, ní mór dúinn a áirithiú nach mbainfidh aisíocaíochtaí agus íocaíochtaí úis dár n-uaillmhianta don todhchaí. Arís eile, níor cheart go n-eascródh fadhbanna fadtéarmacha as bearta gearrthéarmacha.

Mar fhocal scoir, déarfaidh mé seo: ní féidir leis an Eoraip aghaidh a thabhairt ar ré nua le seanchreat. Tá acmhainn an bhuiséid reatha sínte go dtí an uasteorainn ag géarchéimeanna nár dearadh é chun dul i ngleic leo. D'éirigh linn é a chur ag obair ach feiceann muid go bhfuil teorainneacha leis. Ní féidir linn leanúint de bheith ag freagairt do dhomhan atá ag athrú le huirlisí atá as feidhm. Is é atá de dhíth orainn anois ná buiséad atá oiriúnach don fheidhm – buiséad atá réidh chun torthaí a bhaint amach san áit agus san am is tábhachtaí.

Go raibh maith agaibh.